CEACHT 22

FEAR AN PHOIST



Pictiúr: Radharc:

An chistin, Mamaí ag obair, Bríd agus Páid ina seasamh, fear an phoist ag an doras; Beart le cur ina láimh agus sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. An beart á oscailt ag Mamaí; sciorta, geansaí, comhartha ceiste.

Céim 4: Liathróid pheile, cárta, stampa.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí Mamaí agus na leanaí sa chistin. Tháinig fear an phoist. Bhuail sé ar an doras. Chuala na páistí é.

Agallamh

BRÍD: Osclóidh mise an doras.
PÁID: B'fhéidir go bhfuil beart aige.
FEAR AN PHOIST: Dia duit, a Bhríd. An dtabharfaidh tú an beart seo do Mhamaí?
BRÍD: Tabharfaidh, cinnte. Slán leat anois agus go raibh maith agat.
FEAR AN PHOIST: Slán agat, a Bhríd.

Cuntas Reatha

D'oscail Mamaí an beart. Bhí sciorta ann do Bhríd agus geansaí do Pháid. Bhí áthas ar na leanaí.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cé a bhí sa chistin?
Tháinig duine éigin?
Céard a rinne sé?
Chonaic na páistí é?

Céard a dhéanfaidh tú, a "Bhríd"?

Cén fáth?
B'fhéidir go bhfuil litir aige, a "Pháid"?
Tusa, a "fhear an phoist", beannaigh do Bhríd.
Cuir ceist uirthi faoin mbeart.
Freagair é, a "Bhríd".
Tá fear an phoist ag imeacht anois, fág slán aige.
Tusa, a "fhear an phoist", freagair í.

Céard (Cad) a rinne Mamaí?
Céard a bhí sa bheart?
Bhí brón ar na leanaí, is dócha?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Bhuail* sé ar an doras.
   (*anois, gach lá, amárach;* ar? níor: *inné;* an? ní: *amárach*).
2. B'fhéidir go bhfuil *beart* aige.
   (*cárta, stampa, páipéar grinn, liathróid pheile*).
3. *D'oscail* Mamaí an beart.
   (*ar maidin, amárach;* níor, ar?: *inné;* ní: *amárach*).
4. Geansaí *do Pháid.*
   (*tusa, eisean, mise, ise, an cailín*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Tagann fear an phoist go doras na scoile.
3. Cuntas ó pháiste ar bhronntanas a fuair sé/sí.
4. Dráma eile:
   Fuair an múinteoir beart.
5. Scéal a chumadh:
   Tháinig an garda go doras na scoile. Bhí mála scoile ina láimh aige . . .
6. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Tháinig fear an phoist go dtí an teach
Bhí beart aige do Mhamaí ina láimh,
Bhuail sé ar an doras Rat-tat-tat,
"Seo beart mór duit, a Mhamaí; slán leat, a Pháid".